

Polasaí ar Mheasúnú 2016

Rinne an fhoireann teagaisc an polasaí seo a athbhreithniú le linn Mí na Samhna 2015.

Is cóir é a léamh in éineacht le Polasaí Tacaíochta Foghlama agus Polasaí coimeád Taifid agus Cosaint Sonraí na scoile. Is cóir tagairt don mhír ar mheasúnú i bPlean na n-ábhar Churaclaim éagsúla chomh maith.

Rationale

Is gá polasaí a dhréachtadh ag an am seo ionas go mbeidh treoir soiléar ag an bhfoireann teagaisc ar cur chuige aontaithe i leith an mheasúnaithe sa scoil. Beidh sé ina dhoiciméad tagartha ag tuismitheoirí chomh maith.

Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile

Cuirimid romhainn i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh cúram a dhéanamh d'fhorbairt uile an pháiste.

Cuirfidh cur chuige aontaithe i leith an mheasúnaithe sa scoil s'againne le foghlaim agus forbairt na ndaltaí trí eolas a chur ar fáil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an dalta i ngach gné de Churaclam na Bunscoile.

Aidhmeanna an pholasaí

- Cur le foghlaim na ndaltaí
- Monatóireacht a dhéanamh ar próiséais foghlama na ndaltaí
- Eolas a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú
- Tuismitheoirí agus daltaí a chuimsí in aithint agus i mbainistiú treisí nó laigí foghlama
- Cuidiú le pleanáil fad-théarmach agus gearr-théarmach na n-oidí
- Cur chuige an mheasúnaithe a chomhordú ar bhonn scoiluile.

Ábhar an pholasaí

(a) Cuspóirí an mheasúnaithe:

- Eolas a chur ar fáil mar a bhunús pleanála i leith teagasc agus foghlama gach gné den churaclam.
- Eolas a bhailiú agus a léirmhíniú ar leibhéal ranga agus scoiluile agus é a chur i gcomparáid le normanna náisiúnta
- Riachtanais foghlama daltaí aonair/grúpaí daltaí a aithint, daltaí ar ardchumas san áireamh
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gnóthúlacht na ndaltaí
- Cur le straitéis seachanta deacrachtaí foghlama na scoile
- Eolas a chur ar fáil d'oidí a chabhróidh leo cinntí a dhéanamh faoina gclár teagaisc ionas gur féidir leo a chinntiú go bhfuil freastal a dhéanamh ar shainriachtanais foghlama dhaltaí aonair nó grúpaí daltaí
- Taifead ar dhul chun cinn agus gnóthúlacht dhaltaí aonair a chur i dtoll a chéile.
- Caidreamh idir tuismitheoirí agus an scoil maidir le forbairt, dul chun cinn agus riachtanais foghlama dhaltaí a éascú
- Inchur na ndaltaí i measúnú a bhfoghlaim a éascú.
- A chur ar chumas oidí monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid cur chuige agus módhanna

(b) Measúnú chun Foghlama: *Féach an mhír ar mheasúnú i bPlean Scoile ábhair an Churaclaim.*

(c) Measúnú ar Fhoghlaim:

Léiríonn torthaí tascanna/trialacha deartha ag an oide agus torthaí na dtrialacha caighdeánaithe conas mar a d'éirigh leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim go

ginearálta sa rang. Tugann siad léargas ar láidreachtaí agus ar bhuanna an dalta agus ar na deacrachtaí agus riachtanais atá aige. Cuireann siad ar chumas an mhúinteora na buanna agus na riachtanais a chur san aireamh ansin agus í i mbun planála don teagasc agus don fhoghlaim. Bíonn éifeacht acu ar straitéisí teagaisc agus foghlama maidir le planáil ranga, obair ghrúpa agus obair aonair.

Modhanna Measúnaithe (bailiú eolais measúnaithe)- Neamhchaighdeánaithe

Úsáidtear réimse leathan modhanna measúnaithe sa seomra ranga. Bailíonn an múinteoir ranga eolas faoi dhul chun cinn na ndaltaí ón mheasúnú a dhéantar. Déanann sé/sí planáil ar an dóigh is fearr le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim/ den teagasc bunaithe ar an eolas seo. Déantar measúnú neamh-fhoirmiúil agus foirmiúil.

Measúnú Neamhfoirmiúil: Déanfar measúnú leanúnach ag gach rangleibhéal ag baint úsáide as cuid de na modhanna thíosluaite:

Féinmheasúnú

Stiúrann an dalta an measúnú. Déanann an dalta féinmheasúnú nuair a dhéanann siad macnamh ar a gcuid oibre féin. Píocann siad amach gnéithe den obair atá maith agus gnéithe a d'fhéadfadh siad a fheabhsú. Leagann siad amach spriocanna foghlama pearsanta dóibh féin.

Comhdháil agus plé

Roinneann na daoine a bhfuil baint acu le foghlaim an pháiste (msh an múinteoir, an múinteoir tacaíochta foghlama, na tuismitheoirí, an páiste féin) ag cruinniú planáilte nó iomasach le hobair agus dul chun cinn an pháiste a phlé.

Measúnú ar fhillteáin tionscadail

Bailiúchán d'obair an pháiste, a léiríonn a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt thar thréimhse ama. D'fhéadfadh sé eolas a chur ar fail faoin dul chun cinn i réimse curaclaim.

Léarscáiliú coincheapa

Úsáidtear léarscáiliú coincheapa le tuairimí a léiriú agus naisc a dhéanamh idir na tuairimí seo. Tá siad cosúil le graif ina bhfuil tuairimí agus línte lipéadaithe a léiríonn an caidreamh atá eadarthu. Tugann siad léiriú nó pictiúr don mhúinteoir ar thuiscint na bpáistí ar ábhar nó tuairim agus na naisc atá idir tuairimí.

Ceistiú

Cuireann an múinteoir ceisteanna ar na páistí faoina gcuid oibre go rialta. Úsáideann an múinteoir na ceisteanna seo chun eolas agus tuiscint a mheasúnú agus chun treoir a thabhairt dona páistí ina bhfoghlaim. Úsáideann na páistí ceisteanna fosta le cuidiú leo foghlaim msh cuireann siad ceisteanna ar anmúinteoir agus ar a bpiaraí.

Dírbhreachnú an mhúinteora

Tarlaíonn dírbhreachnú an mhúinteora ar bhonn leanúnach, am ar bith a bhfuil idirghníomh idir an múinteoir agus an páiste, cé acu atá sé planáilte nó spontáineach. Nuair a dhéanann an múinteoir taifeadadh ar an eolas seo is féidir é a úsáid le cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim an pháiste i gcomhthéacs.

Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir

D'fhéadfaí go mbeadh tascanna agus trialacha i bhfoirm measúnaithe scríofa nó béil nó i bhfoirm ceachtanna a fhorbraíonn an múinteoir agus é/í ag díriú isteach ar obair an pháiste a mheasúnú. Úsáidtear iad seo ag deireadh na seachtaine/míosa/téarma/bliana nó ag deireadh tréimhse foghlama faoi thopaic áirithe.

Uirlisí measúnaithe neamhfoirmiúla eile ná:

Trialacha Luais matamaitice

Trialacha i Lámhleabhar an Oide

Trialacha i leabhar an dalta

Téacs gan radharc roimhré air & trial tuisceana

Fillteáin Tionscnaimh an dalta

Ní liosta iomlán é seo.

Trialacha caighdeánaithe

Úsáidtear triail chaighdeánaithe le scileanna teanga agus matamaitice páiste a thomhas, agus le dul chun cinn páistí sna réimsí sin a mheas. Déantar iad seo ag druidim le deireadh na scoilbhliana.

• **Cur chuige stórála na gcomhad measúnaithe**

Coimeádtar samplaí oibre na ndaltaí i nGaeilge, Béarla, Matamaitic, OSPS & OSIE i bhfillteán [Simplick Wallet] indibhidiúil measúnaithe leanúnaigh an dalta i gcomhadchaibinéad an tseomra ranga faoi ghlas, sampla d'obair scríofa Gaeilge agus Béarla – uair sa téarma

Cuirtear na comhaid seo i dtaisce san áiléar ag deireadh na bliana go mbíonn na daltaí i Rg 2 .

Ranganna 3-6

Oscáítear comhad nua ag tús Rang 3.

Coimeádtar samplaí oibre na ndaltaí i nG, B, M, OSPS & OSIE i bhfillteán [Simplick Wallet] indibhidiúil measúnaithe leanúnaigh an dalta i gcomhadchaibinéad an tseomra ranga faoi ghlas.

Coimeádtar taifead ar liostaí ranga de mheasúnú leanúnach ar litriú, táblaí, scileanna corpoideachais, OSPS & OSIE i bhfillteán torthaí ranga [Ring Binder Dearg]

Baintear úsáid as seicliostaí agus trialacha, má's ann dóibh, ó Lámhleabhar an Oide de théacsleabhar na ndaltaí, nó ó théacsleabhar an dalta [m.sh Séideán Sí (Gaeilge labhartha), Mata Meabhrach, Mata Draíochta]. Is féidir leis an oide a cuid trialacha agus seicliostaí féin a dhearadh anuas orthu seo.

Coinnítear meascán de shamplaí oibre gach dalta ina fhillteán measúnaithe: Dréachtaí, obair chríocheaithe, 'an obair is fearr'.

• Glactar grianghraf d'obair ealaíne 3-T, eolaíocht, grúphionscnamh uair sa téarma má oireann an t-ábhar dó sin.

Trialacha Measúnaithe Caighdeánaithe

Naí Shinsir:

Middle Infant Screening Test [MIST] i Mí Bealtaine

Ranganna 1-6:

Trial Dhroimconrach Gaeilge i Mí Bealtaine

Trial Dhroimconrach Béarla i Mí Bealtaine

Trial Dhroimconrach Matamaitic i Mí Bealtaine

Is ar an Oide Tacaíochta Foghlama Maighréad Ní Éalaithe atá cúram ceannach, dáileadh agus comhordú na scrúdaithe caighdeánaithe.

Is iad na hoidí ranga a chuireann na trialacha caighdeánaithe ar na ranganna lecahair ó na hOidí Tacaíochta Ranga de réir mar a bhíonn gá.

• I gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama/teanga orthu, cinneann an toide ranga i dtaca leis an bhfoireann Tacaíochta Foghlama agus na tuismitheoirí cé acu chun tairbhe an dalta Triail Caighdeánaithe a chur ar an ndalta nó a mhalairt.

• Cuireann na hOidí Tacaíochta Foghlama na trialacha caighdeánaithe ar dhaltaí nach raibh i láthair agus iad á gcur ar an rang-ghrúpa **ach iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go mbíonn na daltaí ar scoil i Mí Bealtaine tráth na dtrialacha.**

• Baintear úsáid as clár thaifead na dtorthaí a ghabhann le lámhleabhar an oide ar Chur na Scrúdaithe, a chuimsíonn Aicme Peirceintíle, Amhscór agus Scór Caighdeánach.

• Bíonn cruinnithe i rith Mhí an Mheithimh ag na hOidí Tacaíochta Foghlama leis na hoidí Ranga aonair chun ainlís a dhéanamh ar na torthaí.

• Scagann na hOidí Tacaíochta Foghlama na torthaí ar bhonn scoilúile d'fhonn tuairisciú don fhoireann ar phátrúin a eascraíonn as na torthaí agus chun ord na tosaíochtaí a bhfuil aird le díriú orthu láithreach a shainiú.

• Úsáidtear an t-eolas uathu le foghlaim na ndaltaí a chothú agus a eascú

agus le comhairle a chur ar na tuismitheoirí conas cabhrú sa bhaile m.sh. Forward Together {MIST}.

- Seoltar torthaí na dtrialacha caighdeánaithe dhaltaí i ranganna 1 go 6 abhaile faoi chlúdach le Tuairisc Scoile an dalta roimh lár mhí an Mheithimh. Is ar bhileog tuairiscithe scoile a dheintear na torthaí a thuairisciú. Tá míniú ar an gciall atá le baint astu ar shuíomh idirlíon na scoile.
- Má's mian le tuismitheoir na torthaí a phlé leis an oide ranga, is féidir leo coinne a dhéanamh chuige seo roimh dheireadh na scoilbliana..
- Is féidir le tuismitheoirí torthaí na scrúdaithe caighdeánaithe a phlé leis an oide ranga ag cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí mhí na Samhna. [Ranganna Naíonán Shinsir – Rang 6].
- D'fhéadfaí go dtairgeofaí Tacaíocht Foghlama do dhaltá bunaithe ar scór gnóthaithe i Scrúdú . . Féach Polasaí Tacaíochta Foghlama na scoile.
- Coimeád sonraí scrúdaithe caighdeánaithe- Féach Polasaí Coimeád Taifid agus Cosaint Sonraí.

(d) Scagadh: Féach Polasaí Tacaíochta Foghlama

(e) Measúnú Diagnóiseach: Féach Polasaí Tacaíochta Foghlama

(f) Measúnú Siceolaíoch Féach Polasaí Tacaíochta Foghlama

- Is ar Mhaighréad Ní Éalaithe, Oide Tacaíochta Foghlama, atá cúram teangbhálaí scoil/baile i leith mheasúnaithe Siceolaíoch a nó cineálacha eile Mheasúnaithe. Baintear úsáid as foirmeacha caighdeánacha a sholathraíonn an té atá chun an measúnú a dhéanamh.
- Baineann na MTF úsáid as torthaí na dtrialacha uile agus as breathnóireacht an oide ranga agus iad i mbun Clár Foghlama Aonair a chur le chéile. Agus Clár Foghlama Aonair á chur le chéile, leantar na moltaí atá sa tuairisc measúnaithe siceolaíoch/teanga. Oibríonn an MTF, an t-oide ranga, na tuismitheoirí agus an dalta (má oireann) go comhoibritheach le chéile chun spriocanna foghlama don pháiste a leagadh amach. [Féach polasaí Tacaíochta Foghlama na scoile]. Cinntíonn an t-eolas ó na cineálach éagsúla measúnaithe go spreagtar an dalta chun foghlama sa timpeallacht is tacúla gur féidir leis an múinteoir a chruthú dó.
- Bíonn cóip de gach Tuairisc Mheasúnaithe Siceolaíoch a bhaineann le daltaí na scoile ag an bPríomhoide i gcomhadchaibinéad a choinnítear faoi ghlas ina hoifig., Bíonn cóip ag an oide ranga cuí a choimeádtar i gcomhad an dalta i gcomhadchaibinéad an tseomra ranga faoi ghlas.
- Bíonn cóip eile fós ag an Oide Tacaíochta Foghlama ábharach a choimeádtar i gcomhad an dalta i gcomhadchaibinéad an tseomra Tacaíochta Foghlama faoi ghlas.
- Solathraíonn an Siceolaí a scríobh an Tuairisc Siceolaíoch cóip do na tuismitheoirí. Is faoin tuismitheoir é cóip de Thuairisc Mheasúnaithe Siceolaíoch a thabhairt do pháirtí eile má lorgaítear é. Is féidir leis an scoil a lua le páirtí ábharach, áfach, go bhfuil Tuairisc Siceolaíoch ann.

(g) Torthaí Mheasúnaithe a Thaifead

Trialacha Caighdeánaithe

- Is ar pháipéar amháin a choinnítear torthaí Thrialacha Caighdeánaithe.
- Coinnítear torthaí mheasúnaithe trialacha caighdeánaithe Ranganna aonair i bhFillteán na dTorthaí an oide ranga a choimeádtar i gcomhadchaibinéid an tseomra ranga faoi ghlas.
- Coinnítear torthaí mheasúnaithe trialacha caighdeánaithe na ndaltaí uile i bhFillteán na dTorthaí Scoileuile gach Oide Tacaíochta Foghlama a choimeádtar i gcomhadchaibinéid an tseomra Tacaíochta Foghlama faoi ghlas.
- Bíonn cóip d'fhilleán na dTorthaí Scoiluite ag an bPríomhoide ina hoifig faoi ghlas.

Trialacha Neamhchaighdeánacha:

- Cuirtear ar shúile na n-oidí go bhfuil sé riachtanach ráitis a thaifead ar bhealach obaíochtúil agus teagascúil.
- **Aistriú eolais bunaithe ar Mheasúnú:** Ba chóir tagairt do Pholasaí Tuairisciú do Thuismitheoirí na scoile i dteannta leis an méid seo thíos:
 1. Tuairiscíonn na hoidí torthaí an mheasúnaithe don dalta go tráthúil agus i dtéarmaí deimhnitheacha teagascúla atá aontaithe ag an bhfoireann.
 2. Bíonn cruinniú ag na MTF uair sa tseachtain chun dul chun cinn na ndaltaí a bhfuil tacaíocht foghlama á fháil acu a roinnt.
 3. Tuairiscíonn an t-oide ranga an t-eolas ábharach do na tuismitheoirí ag cruinniú i Mí na Samhna do ranganna Naí Shinsir go Rang 6 agus i Mí Feabhra do Ranganna Naí Shóisir agus arís ag deireadh na scoilbliana ar an Tuairisc Scoile Féach Polasaí Tuairisciú do Thuismitheoirí.
 4. Tuairiscíonn na hoidí ranga dá chéile ó bhéil ag mír de chruinniú foirne Mhí an Mheithimh agus cruinniú foirne Mhí Mheán Fómhair. Ag deireadh na scoilbliana, tugann gach oide ranga an Fillteán Ranga don oide a bhéas ag teagasc an rang sin an bhliain dar gcionn. Aistrítear fillteáin na ndaltaí go comhadchaibinéad a seomra ranga nua i rith laethanta saoire an tsamhraidh.
 5. Aistrítear torthaí measúnaithe ábharacha do Phríomhoidena scoile nua más go bunscoil atá an dalta ag aistriú. Seoltar Pas Oideachais sa phost chuig an Iarbhuscoil ina bhfuil ait glactha ag daltaí Rang 6 faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Crítéir Mheasúnaithe Éifeachtachta an Pholasaí

Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí éifeachtach má tá:

- *Réimse modhanna measúnaithe idir modhanna neamhfhoirmeálta agus foirmeálta in úsáid go leanúnach i rith na bliana i ngach rang sa scoil*
- *Tuiscint shoileár ag gach oide ar ról agus freagrachtaí na mball éagsúil foirne i leith na measúnaithe...*

Ról agus Freagrachtaí

Is é cúram an Phríomhoide Deirdre Ní Dhuillearga, agus na hOidí Tacaíochta Foghlama an polasaí a chomhordú.

Beidh baint ag gach ball den fhoireann teagasc le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le h-athbhreithniú an pholasaí.

Dáta cur i bhFeidhm: Eanáir 2016

Athbhreithniú

- Déanfar an polasaí a athbhreithniú sa bhliain 2018.
- Fógróidh an Príomhoide an tAthbhreithniú agus déanfaidh na hOidí Tacaíochta Foghlama an próiseas athbhreithnithe a chomhordú.

Deimhniú & Scaipeadh

Rinne Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh an polasaí seo a dheimhniú ar an 20/01/2016

Síniú: _____ Dáta: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta